



An Bhruiséal, 21 Feabhra 2025  
(OR. en)

6158/25

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0002(NLE)

---

---

CORDROGUE 20  
SAN 47  
RELEX 189

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 – <i>Glacadh</i>

---

1. Is iad Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 (dá ngairtear ‘na Coinbhinsiúin’ anseo feasta) na príomhchonarthaí idirnáisiúnta rialaithe drugaí, mar aon le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha 1988.
2. Ceanglaítear ar na Stáit is páirtithe sna Coinbhinsiúin a áirithiú go gcuirtear na bearta rialaithe éigeantacha i bhfeidhm maidir leis na substaintí a liostaítear sna Sceidil atá i gceangal leis na Coinbhinsiúin. Is é cuspóir an liostaithe sin úsáid na ndrugaí sin a rialú agus a theorannú de réir aicmiú a luacha theiripigh, an riosca go mbainfear mí-úsáid astu agus contúirtí sláinte, agus íoslaghdú a dhéanamh ar atreorú ceimiceán réamhtheachtach chuig monaróirí drugaí mídhleathacha.

3. Is é an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a dhéanann cinntí chun raon feidhme ar rialaithe ar shubstaintí a athrú, trí chinntí athruithe a dhéanamh ar Sceidil na gCoinbhinsiún, ar bhonn moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.
4. Ag an 68ú seisiún a bheidh aige, a thionólfar ón 10 go dtí an 14 Márta 2025 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha le cinntí a ghlacadh maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin.
5. An 13 Eanáir 2025, thólaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin (5271/25 + ADD 1).
6. Rinneadh anailís ar an togra ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí an 22 Eanáir 2025. D'fhormhuinigh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí an leagan athbhreithnithe den togra, mar a leagtar amach in 5810/25 é, ag an gcruinniú a bhí aici an 11–12 Feabhra 2025, agus chuir toscaireacht amháin in iúl go raibh sé ar intinn aici staonadh tráth a ghlacfar an Cinneadh ón gComhairle.
7. **I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6155/25 é, maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.**